

Measúnú ar Ionphlandú Téarmaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide sa Ghaeilge: Cur chuige corpasbhunaithe

[Assessing the Implantation of ITC Terms in Irish: A corpus-based approach]

Gearóid Ó Cleircín, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Éire

Jamie Murphy, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Éire

Achoimre

Pléann an páipéar seo le togra taighde chun ionphlandú téarmaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa Ghaeilge scríofa a mheas trí chuardach a dhéanamh i gcorpas téacsanna ríomhaireachta. Bunaíodh an mhodheolaíocht chorpasbhunaithe ar phrótacal taighde caighdeánach Quirion (2003), cur chuige aitheanta chun an t-ionphlandú téarmaíochta a thomhas. Go dtí seo, baineadh earraíocht as an gcur chuige sin i gcomhthéacs mórtheangacha amháin, áfach. Is beag taighde eimpíreach atá déanta go dtí seo ar an ionphlandú téarmaíochta i gcás na Gaeilge, cé is moite de shaothar Ní Ghearáin (2011), a bhreathnaigh ar fheasacht agus ar dhearcadh faisnéiseoirí Gaeltachta i leith na téarmaíochta oifigiúla. Tá an staidéar seo éagsúil uaidh sin mar tá sé ag díriú ar an teanga scríofa seachas ar an teanga labhartha agus ar fhianaise chorpais seachas ar agallaimh struchtúrtha. Roghnaíodh réimse na teicneolaíochta faisnéise de bhrí gur glacadh leis go mbeadh dóthain téacsanna digiteacha ar fáil sa réimse sin le corpas a thiomsú a shásódh na critéir atá leagtha amach i bprótacal Quirion. Roghnaíodh na coincheapa as *1,000 Téarma Ríomhaireachta* (Uí Bhraonáin eag., 2000), mionfhoclóir a foilsíodh os cionn 20 bliain ó shin, tréimhse sách fada chun deis a bheith ag na téarmaí dul i bhfréamh sa Ghaeilge. Cuardaíodh 120 téarma caighdeánach, mar aon le leaganacha comhchiallacha eile de na coincheapa céanna, i sainchorpas nuachruthaithe a dearadh de réir phrótacal Quirion. Ríomhadh an ‘chomhéifeacht ionphlandaithe’ (*implantation coefficient*) ansin chun ráta ionphlandaithe gach leagain a thomhas. Cuirtear na torthaí i láthair sa pháipéar seo agus díritear ar threochtaí spéisiúla atá le sonrú ina leith.

Eochairfhocail: an téarmeolaíocht [terminology], an teangeolaíocht chorpais [corpus linguistics], an tsochtheangeolaíocht [sociolinguistics], Gaeilge [Irish language], an téarmaiméadracht [terminometrics]

Abstract

This paper deals with a research project to evaluate the implantation of information and communication technology terms in written Irish by searching in a corpus of computing texts. The corpus-based methodology was based on Quirion's (2003) standard research protocol, a recognised approach to measuring terminology implantation. So far, however, this approach has only been used in the context of majority languages. Little empirical research has been done so far on the implantation of terminology in the case of Irish, with the exception of the work of Ní Ghearáin (2011), who looked at the awareness and attitude of Gaeltacht informants towards official terminology. This study differs from that because it is focused on written language rather than spoken language and on corpus evidence rather than structured interviews. The field of information technology was chosen because it was presumed that there were enough digital texts available in that domain to compile a corpus that would satisfy the criteria set out in the Quirion protocol. The concepts were chosen from 1,000 Computing Terms (Uí Bhraonáin ed., 2000), a mini-dictionary published over 20 years ago,

a sufficiently long period for the terms to have a chance to take root in Irish. 120 standard terms, together with other synonymous versions of the same concepts, were searched in a newly created specialized corpus designed according to the Quirion protocol. The ‘implantation coefficient’ was then calculated to measure the implantation rate of each variant. The results are presented in this paper and attention is paid to interesting trends that emerge from them.

Réamhrá

D’eascair an taighde seo as tasc a sonraíodh sa chonradh reatha atá ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, le Foras na Gaeilge i leith an Bhunachair Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge (Tearma.ie¹). Luadh faoin tasc sin go ndéanfaí taighde corpais chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid téarmaí áirithe atá molta sa Bhunachar Náisiúnta. Baineann an téarmaíocht atá á foilsiú ar an suíomh sin le saothar an Choiste Téarmaíochta, a bhfuil sé de mhisean aige ‘téarmaíocht údarásach chaighdeánach Ghaeilge a fhorbairt, a fhaomhadh agus a chur ar fáil chun tacú leis an nGaeilge mar mheán cumarsáide i sochaí nua-aoiseach’ (Foras na Gaeilge, 2024). Tá an sprioc sin — tagarmharcáil nó meastóireacht a dhéanamh ar iarrachtaí údaráis áirithe chun téarmaíocht chaighdeánaithe oifigiúil a scaipeadh — ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaca leis an obair théarmeolaíochta (Bhreathnach 2011).

Comhthéacs an Taighde

Over the last 2 decades, a new field of research has emerged that empirically shows the extent to which speakers are using the target lexical items of language managers. In this recent framework, called terminometrics ... each lexical item can be semiautomatically associated with an implantation coefficient, which is a metric that describes how well a target lexical item performs in language use in comparison to its lexical competitors. The outcome of deliberate lexical intervention activities can thus be relatively well measured... (Maradan 2020).

Tá an mhodheolaíocht a leagtar amach i rannóg 3 bunaithe ar Quirion (2003), áit a molann an t-údar cur chuige ‘caighdeánach’ (*standard research protocol*) d’fhonn úsáid téarmaíochta a thomhas. Cur chuige corpasbhunaithe atá ann ina ndéantar iniúchadh ar úsáid na

¹ URL: <https://www.tearma.ie/>

gcomhchiallach go léir atá ag gabháil le coincheap áirithe chun ráta úsáide an leagain
caighdeánaigh a chur i gcomórtas le ráta úsáide cibé leaganacha eile atá in iomaíocht leis:

a study designed to measure the degree of implantation of all designations referring to a single concept or to a set of concepts. It is generally carried out on a homogeneous group of concepts, such as a subset of a more general discipline. It is used to measure vocabulary usage subsequent to the language and terminology planning interventions of government organizations with linguistic responsibility (Quirion, 2003).

Dar le Quirion, níl aon mhaitheas i gcomhaireamh lom a dhéanamh ar líon amas na dtéarmaí caighdeánacha mar ní insíonn sé sin ach cuid den scéal. Ní fiú a bheith ag maíomh go bhfuil téarma caighdeánach X in úsáid 100 uair i gcorpas áirithe má tá leagan neamhchaighdeánach eile ar an gcoincheap céanna in úsáid 200 uair sa chorpas céanna. Faoi chóras Quirion, bronnar scór, ar a dtugtar an chomhéifeacht ionphlandaithe (*implantation coefficient*), ar gach comhchiallach agus dá airde an scór atá ag téarma, is ea is fearr atá sé fréamhaithe sa teanga. Déanann Quirion cur síos cuimsitheach ar an modheolaíocht, idir roghnú na gcoincheap, chruthú an chorpais, chuardach na dtéarmaí agus ríomh na dtorthaí. Tuairiscítear san alt céanna ar thaighde téarmaiméadrachta a rinne sé féin ar théarmaíocht iompair in Québec, Ceanada, taighde a léirigh go raibh na téarmaí caighdeánacha Fraincise a fiosraíodh ionphlandaithe ag ráta measartha ard sa teanga sin. Maíonn Quirion go bhfuil a phrótacal taighde in-athdhéanta agus gur féidir é a úsáid i mórán comhthéacsanna éagsúla, rud a d'éascódh staidéar diacronach ar an téarmaíocht chéanna thar achar áirithe blianta nó staidéar comparáideach ar ionphlandú téarmaíochta i réimsí éagsúla laistigh den phobal teanga céanna. Tá taighde eile foilsithe ag Quirion ó shin a thógann ar an gcur chuige céanna (2006, 2011).

Ní haon iontas é go bhfuil go leor scoláirí eile tar éis leas a bhaint as prótacal Quirion chun ionphlandú téarmaíochta ina dteangacha féin a mheas. Úsáideann Karabacak (2009) é chun ionphlandú téarmaí caighdeánacha eacnamaíochta i nuachtáin Tuircise a fhiosrú.

Déanann Bilgen (2016) iniúchadh ar úsáid téarmaí nua i bpobal logánaithe bogearraí ar líne.

Baineann Fathi (2017) earraíocht as leagan leasaithe den phrótacal chun ionphlandú téarmaíochta Peirsise in ailt gheofisice a fhiosrú.

Baineann na samplaí go léir a luadh go dtí seo le teangacha a labhraítear go forleathan, áfach. Cé go mbíonn a cuid dúshlán féin roimh gach teanga (brú an Bhéarla i gcás Fhraincis Québec, mar shampla), bhí na taighdeoirí thuasluaite in ann corpais den scríbhneoireacht theicniúil a thiomsú go measartha furasta toisc an teanga a bheith bisiúil sna réimsí teicniúla a bhí á scrúdú acu agus go leor foilseacháin speisialaithe a bheith ar fáil dá réir sin, idir ábhar clóite agus ábhar digiteach. Bhí siad in ann leas a bhaint as irisí gairme, mar shampla, cineál téacs a mbíonn dlús ard téarmaíochta ann.

Níor éirigh le húdair an pháipéir seo teacht ar mhórán samplaí de thaighde téarmaiméadrachta a rinneadh i gcomhthéacs teangacha neamhfhorleathana. Luíonn sé seo le réasún, ar ndóigh, mar is iomaí mionteanga atá ag maireachtáil i suíomh ilteangach in éineacht le teanga náisiúnta nó idirnáisiúnta agus nach n-úsáidtear go rialta i réimsí teicniúla. Sampla maith de sin is ea an Mháltais, atá ina teanga pobail a labhraítear go príomha i réimsí neamhfhoirmiúla fad is atá an Béarla (agus an Iodáilis, go pointe áirithe) in úsáid le haghaidh réimsí teicniúla amhail an dlí agus an eolaíocht. Táthar ann, gan amhras, a d'áireodh teangacha réigiúnacha áirithe amhail an Chatalóinis, a bhfuil ceisteanna pleanála téarmaíochta agus scaipthe téarmaí cíortha go maith inti (féach, mar shampla, Costa-Carreras, 2020), mar mhionteangacha ach is ag feidhmiú ar leibhéal teanga náisiúnta atá a leithéid, nach mór, ó thaobh líon cainteoirí, stádas dlíthiúil agus iomadúlacht na n-acmhainní pleanála teanga atá acu. Go deimhin, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil stádas dlíthiúil mar theanga náisiúnta nó réigiúnach riachtanach chun corpas téarmaíochta teicniúla a chothú i dteanga ar bith.

Tá stádas ard reachtúil ag an nGaeilge, ar ndóigh, ó rinneadh teanga náisiúnta di céad bliain ó shin agus tá téarmaíocht chaighdeánach á forbairt inti faoi choimirce an Stáit ó shin i leith (Ní Ghallchobhair, 2014). Cuireadh dlús leis an bpróiseas sin ó áiríodh an Ghaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh in 2007 agus tá na mílte téarmaí teicniúla á gceapadh, á n-athbhreithniú agus á bhfoilsiú in aghaidh na bliana anois idir obair an Choiste Téarmaíochta (a fhoilsítear ar [tearma.ie](https://www.tearma.ie)²) agus aschur thionscadal LEX (a fhoilsítear ar iate.europa.eu agus ar gaois.ie³). Tá lear mór téarmaíochta á fhoilsiú don Ghaeilge, más ea, agus tá teacht ag an bpobal ar na téarmaí sin go saoráideach trí acmhainní teanga leictreonacha amhail tearma.ie agus focloir.ie⁴, ach is beag eolas beacht atá againn maidir le ráta úsáide na dtéarmaí sin sa Ghaeilge trí chéile. Is chuige sin a dhéantar taighde ar ionphlandú agus ar inghlacthacht na téarmaíochta ach ní gort é sin atá saothraithe mórán go dtí seo ó thaobh na Gaeilge de, cé is moite de shaothar ceannródaíoch Helena Ní Ghearáin (2011), a rinne iniúchadh ar dhearcadh fostaithe in eagraíochtaí pobail sa Ghaeltacht i leith na téarmaíochta. Tugadh le fios sa taighde go raibh drogall ar na faisnéiseoirí glacadh leis an téarmaíocht oifigiúil agus gur thúisce a roghnóidís an leagan Béarla agus cumarsáid neamhfhoirmiúil ar bun acu. Bhain sé sin leis an mbraistint go mbíonn na téarmaí teicniúla Gaeilge ‘marcáilte’ nó aduain i gcomórtas leis an leagan Béarla a bhíonn níos bunaithe i stór focal an chainteora agus a mhothaíonn níos ‘nádúrtha’ dá réir sin. Léiríodh sa taighde céanna, áfach, gur chloígh na faisnéiseoirí leis an téarmaíocht chaighdeánach sa láthair oibre, ar an gcuid is mó de, toisc comhthéacs níos foirmiúla a bheith i gceist ansin. Tá an taighde atá idir chamáin sa pháipéar seo éagsúil go maith ó chuid taighde Ní Ghearáin sa mhéid is go bhfuil sé ag díriú ar an nGaeilge scríofa amháin agus ar úsáid na dtéarmaí féin seachas tuairimí daoine ina leith.

² URL: <https://www.tearma.ie/>

³ URL: <https://www.gaois.ie/en>

⁴ URL: <https://www.focloir.ie/>

Modheolaíocht

Mar a luadh roimhe seo, leanadh *standard research protocol* Quirion (2013) don taighde téarmaiméadrachta a ndéantar cur síos air san alt seo. Sa rannóg seo, pléifear an mhodheolaíocht de réir na gcéimeanna atá leagtha amach ag Quirion agus díreofar go sonrach ar roinnt cásanna nuair ba ghá imeacht ón bprótacal agus ar na cúinsí a spreag na hathruithe sin.

Roghnú an Réimse

Ba é an chéad chéim sa mhodheolaíocht ná réimse teicniúil a roghnú. Molann Quirion go roghnófaí sainréimse a bhfuil caighdeánú déanta air ó thaobh na téarmaíochta de le roinnt mhaith blianta. Shásaigh réimse na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an critéar sin. Tuigeadh freisin go raibh fáil ar riar maith téacsanna digitithe sa réimse sin a chuirfeadh ar chumas na dtaighdeoirí corpas feiliúnach a chur i dtoll a chéile. Os a choinne sin, d'fhéadfaí a mhaíomh gur réimse neamhghnách neamhionadaíoch í an teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide toisc an oiread den téarmaíocht a bheith mar chuid den léacsacan coiteann.

Roghnú na dTearmaí

Roghnaíodh an foclóir *1,000 Téarma Ríomhaireachta* (Uí Bhraonáin, 2000) mar fhoinsé do na téarmaí a mbeadh tástáil le déanamh orthu. Iarracht a bhí san fhoilseachán sin 'na téarmaí is coitianta i réimse na Ríomhaireachta agus an Idirlín' a thiomsú 'dóibh siúd atá ag obair le ríomhairí nó i réimse na teicneolaíochta, do mhic léinn tríú leibhéal agus do dhaltáí scoile' (Uí Bhraonáin, 2000, lch. i.) Sainfhoclóir a bhí ann, mar sin, ach ceann a bhí dírithe ar phobal leathan úsáideoirí. Ina theannta sin, tá na téarmaí a foilsíodh san fhoclóir le fáil i bhfoilseacháin eile a cuireadh i gcló ó shin (e.g. *Foclóir FIONTAR*, 2004) agus go

leictreonach tríd an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ó 2006 i leith. Fágann sé sin go raibh breis agus 20 bliain ag na téarmaí ríomhaireachta seo scaipeadh agus fréamhú sa Ghaeilge.

Chuathas tríd an bhfoclóir ó thús deireadh agus cuireadh briathra, aidiachtaí, dobhriathra, agus ainmfhocail dhílse as an áireamh agus roghnaíodh ainmfhocail amháin, idir théarmaí aonfhoclacha agus téarmaí ilfhoclacha. Anuas air sin, seachnaíodh téarmaí ilbhríocha (*clár, tábla* etc.) mar aon le giorrúcháin toisc go gcuirfidís isteach an iomarca ar an gcuardach corpais. Tugadh neamhaird ar ghiorrúcháin (*USB, RAM* etc.) toisc gurb iondúil go molann an Coiste Téarmaíochta an leagan Béarla a úsáid mar ghiorrúchán sa Ghaeilge chomh maith. Rinneadh comparáid idir na téarmaí Gaeilge a moladh sa bhunfhoclóir agus a bhfuil á mholadh in *Téarma.ie* an lae inniu. I gcás ar bith go raibh *Téarma.ie* tar éis imeacht ón leagan a tugadh in *1,000 Téarma Ríomhaireachta*, cuireadh an téarma sin as an áireamh. Má bhí téarma comhchiallach eile Gaeilge luaite leis an gcoincheap ar *Téarma.ie*. le hais an leagain ó *1,000 Téarma Ríomhaireachta*, áiríodh an dá leagan mar ‘théarma caighdeánach’ amháin agus suimíodh a gcuid amas.

Níl i roghnú na dtéarmaí oifigiúla ach an chéad chuid den phróiseas, áfach. Rinneadh gach iarracht ina dhiaidh sin comhchiallaigh fhéideartha nó ‘iomaitheoirí’ Gaeilge a aimsiú. Cuardaíodh bunachair théarmaíochta agus foclóirí agus chuathas i gcomhairle le saineolaithe ríomhaireachta a rinne moltaí a rith leo féin. Cuireadh an cur chuige céanna i bhfeidhm i gcás na dtéarmaí comhchiallacha Béarla a bhí ag gach coincheap. Agus na comhchiallaigh sin go léir san áireamh, idir Ghaeilge agus Bhéarla, bhí timpeall 300 téarma ar an liosta cuardaigh.

Cruthú an Chorpais

Níor mhór sainchorpas téacsanna ríomhaireachta a chruthú chun na téarmaí a chuardach. Is éard atá de dhíth, dar le Quirion, ná corpas de chumarsáid institiúideach atá ionadaíoch ar an réimse teicniúil atá á scrúdú. Ina theannta sin, molann sé an corpas a bhriseadh síos ina

cheithre chatagóir, .i. oideachas, geilleagar, meáin, agus riarachán poiblí, agus na príomhtháirgeoirí cumarsáide (foilsitheoirí, ranna rialtais etc.) i ngach catagóir a aimsiú. Ina theannta sin, molann sé cothromaíocht a bheith ann ó thaobh líon focal de idir na catagóirí sin agus luann sé tábhacht na samplála chun corpas cothromaithe so-chuardaithe a thógáil. Ní raibh sé sin indéanta, ámh, i gcás an taighde seo mar gheall ar a laghad saintéacsanna ríomhaireachta a bhí ar fáil i gcatagóirí áirithe. Cé go raibh teacht ar riar maith saintéacsanna ríomhaireachta i réimse an oideachais agus i réimse an gheilleagair, mar shampla, ní raibh a macasamhail ar fáil i réimsí an riaracháin phoiblí ná na meán. Maidir leis na meáin, mar shampla, níl aon nuachtán ná iris Ghaeilge ann a phléann le cúrsaí teicneolaíochta go sonrath. Chun teacht timpeall ar an dúshlán sin, baineadh úsáid as dhá chorpas mhóra: 1) Corpas Foclóireachta na Gaeilge⁵ chun corpas irisí agus nuachtán ginearálta a áireamh agus 2) an Corpas Comhthreomhar Béarla-Gaeilge de Théacsanna Reachtúla⁶ chun freastal ar chatagóir an riaracháin phoiblí. Is cinnte go n-imíonn an cur chuige leasaithe seo go suntasach ó phrótacal Quirion ach bhíothas ag súil go gcúiteodh an líon ard focal i gcatagóirí na meán agus an riaracháin phoiblí an ganntanas saintéacsanna ríomhaireachta a bhain leo faoi seach.

Meascán d'ábhar nua-thiomsaithe agus ábhar a tógadh ó chorpais eile atá sa chorpas téacsanna ríomhaireachta (Gaois, 2022) a cruthaíodh don taighde seo mar sin. I gcatagóir an oideachais fuarthas ábhar nua ó Webwise, An Gúm, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG). Tiomsaíodh freisin páipéir scrúdaithe na Roinne Oideachais ón mbliain 2000 ar aghaidh in ábhair theicniúla amhail an innealtóireacht agus an líníocht theicniúil. Maidir le hearnáil an gheilleagair, fuarthas ábhar ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus ón Lároifig Staidrimh i measc foinsí eile. Fuarthas bailiúchán mór téacsanna logánaithe a bhain le haistriú bogearraí áirithe go Gaeilge, ábhar a bhí an-saibhir i

⁵ URL: <https://www.gaois.ie/ga/corpora/lexicography/login>

⁶ URL: <https://www.gaois.ie/ga/corpora/parallel>

dtéarmaí teicniúla. Sa mhullach ar an ábhar nua-thiomsaithe seo cuireadh sciar mór de Chorpas Foclóireachta na Gaeilge san áireamh chun catagóir na meán a chlúdach. San áireamh anseo bhí cartlanna nuachtán agus irisí amhail *Beo, Feasta, Tuairisc, Foinse, Níos* agus *An tUltach*. Beartaíodh iomlán an ábhair Ghaeilge sa Chorpas Comhthreomhar Béarla-Gaeilge de Théacsanna Reachtúla a áireamh. Rinneadh na téacsanna ar fad a fhoráidíú mar TXT agus rinneadh iad a ghlanadh an oiread agus ab fhéidir ó thaobh an fhoráidithe agus an leagan amach de. Mar thoradh ar an obair thiomsaithe sin ar fad, cruthaíodh corpas cuardaigh c.75 milliún focal. Tá briseadh síos an chorpais de réir catagóirí agus líon focal i dTábla 1 thíos.

Tábla 1

Catagóirí an chorpais

Catagóir	Líon focal (m)
Oideachas	4
Geilleagar	1.5
Riarachán poiblí	30
Na meáin	39.5
Iomlán	75

Cuardach Corpais

Cinneadh úsáid a bhaint as AntConc⁷ mar chomhéadan cuardaigh corpais. Corpas lom neamhchlibeáilte a bhí ann. Cuardaíodh ann 120 téarma randamach ón ngearrliosta a luadh in 3.2 thuas. Rinneadh an téarma caighdeánach mar aon lena chuid iomaitheoir(í) Gaeilge agus Béarla a chuardach. Rinneadh taifead de mhinicíocht an téarma féin, líon na gcáipéisí ina bhfuarthas é, chomh maith leis an gcatagóir nó na catagóirí lena bhain gach sampla.

⁷ URL: <https://www.laurenceanthony.net/software/antconc>

Cuireadh na torthaí i dtoll a chéile in Excel agus rinneadh an chomhéifeacht ionphlandaithe a ríomh ansin, scór a léiríonn cé chomh rathúil is atá an téarma caighdeánach i gcomórtas leis na leaganacha malartacha atá aige.

Relative frequency is a ratio comparing the proportionate usage of a given term to that of its competing designations; it is represented by the implantation coefficient... the implantation coefficient indicates the degree of implantation of the given term (Quirion, 2003).

Faoin gcóras seo, is ionann scór de 1 agus ionphlandú 100% a bheith i gceist. Mar shampla, má tá trí théarma chomhchiallacha le cuardach (A, B & C) agus má tá 40 amas ag téarma A, má fhaigheann téarma B 30 amas agus mura bhfuil amas ar bith ag téarma C, ciallaíonn sé sin go bhfuil comhéifeacht ionphlandaithe de 0.57 ag téarma A, 0.43 ag téarma B agus 0 ag téarma C. I gcás go bhfuil 10 n-amas ag téarma A agus mura bhfuil amas ar bith ag B ná C, fágann sé sin go bhfuil comhéifeacht ionphlandaithe 1 ag téarma A agus 0 ag B agus C. Dá airde an scór mar sin, is ea is fearr atá an téarma ionphlandaithe, dar le Quirion.

Torthaí agus Anailís

Fuair 60 téarma caighdeánach (59% den iomlán) an scór is airde de réir chóras Quirion, comhéifeacht ionphlandaithe de 1. Ciallaíonn sé sin nár aimsíodh sa chorpas ach an téarma caighdeánach féin nuair a lorgaíodh an coincheap. Ní raibh teacht ar iomaitheoir ar bith dá gcuid, Gaeilge ná Béarla, a bhí ar an ngearrliosta cuardaigh a d'ullmhaigh na taighdeoirí. Dar le Quirion, is ionann scór mar seo agus an téarma a bheith ionphlandaithe go hiomlán sa teanga, rud a bheadh fíor gan dabht i gcás teangacha áirithe. Léiríonn na sonraí minicíochta scéal eile, áfach. Is ríléir ó Thábla 2 thíos go bhfuil téarmaí ar nós 'bunachar sonraí' agus 'brabhsálaí' in úsáid go fairsing sa teanga ach tá téarmaí eile ag bun an tábla nár aimsíodh ach uair nó dhó i gcorpas 75m focal. Faigheann an dá chineál an scór céanna ach is ar éigean go maíffí go bhfuil siad uile ionphlandaithe go dtí an leibhéal céanna.

Tábla 2*Téarmaí a raibh comhéifeacht ionphlandaithe de ‘1’ acu*

Téarma(i) caighdeánach(a) GA	EN	Minicíocht
comhadlann, fillteán	directory, folder	2500
bunachar sonraí	database	2455
láithreán gréasáin, suíomh gréasáin	web site	2009
bogearraí	software	1789
cosaint sonraí	data protection	1671
dlúthdhiosca	compact disk	1317
brabhsálaí	browser	1227
comhéadan	interface	1201
ceanntásc	header	716
ceangaltán, iatán	attachment	436
algartam	algorithm	384
ainm comhaid, comhadainm	file name	295
clófhoireann	font	288
inneall cuardaigh	search engine	273
cúrsóir	cursor	266
dífhabhtú, dífhabhtúchán	debugging	220
intleacht shaorga	artificial intelligence	204
buntásc	footer	192
leathanach gréasáin	web page	184
comhad fuaime	sound file	158
feidhmchláirín	applet	145
forlíontán	add-on	142
diosca crua, cruadhiosca	hard disk	95
barrachód	bar code	84
fochomhadlann, fofhillteán	subdirectory, subfolder	79
an Gréasán Domhanda	World Wide Web	75
ceamara digiteach	digital camera	70
freastalaí ríomhphoist	mail server	64
teachtaireacht earráide	error message	56
cianrialtán, zaipire	remote control	49
físcamara	video camera	38
briseadh leathanaigh	page break	37
cuibheoir	adapter	36
eochaircheap uimhriúil, uimhircheap	numeric keypad	32
cúlslais	backslash	31
cóip chúltaca	backup copy	31
CD fuaime, dlúthdhiosca fuaime	audio CD	28
aisfhilleadh	return	27
fáisc-ealaín	clip art	25
fabhtcheartú	troubleshooting	23

mód slán	safe mode	22
ríomhaire pearsanta	personal computer	21
líonra achair logánta, líonra logánta	local area network	21
ríomhaire boise	palmtop	21
cilibheart	kilobyte	20
fístaifeadán, taifeadán fístéipe	video recorder	20
íomhá bheo	animated image	19
asphrionta	printout	17
cúlspás	backspace	16
dioscthiomáint, tiomántán díosca	disk drive	16
láraonad próiseála, aonad lárnach próiseála	central processing unit	14
iontráil sonraí	data entry	14
inlíon	intranet	14
discéad	diskette	10
aonad loighce agus uimhríochta	arithmetic (and) logic unit	10
babhtáil bheo	hot swapping	9
físdiosca	video disk	8
líonra teileafón	telephone network	5
pointeoir luiche	mouse pointer	5
dath líonta	fill colour	4
feidhmeochair	function key	3
físghabháil	video capture	3
rialtán airde	volume control	3
líonra achair fhairsing	wide area network	3
ráta athnuachana	refresh rate	2
aimsitheoir iompróra	carrier detect	1
gailearaí gréasáin	web gallery	1
léitheoir barrachód	bar code reader, bar code scanner	1
mata luiche	mouse mat	1
modúl cuimhne	memory module	1
líonra digiteach de sheirbhísí comhtháite	integrated services digital network	1

Os a choinne sin, bhí comhéifeacht ionphlandaithe de ‘0’ ag 38 téarma (32% den iomlán), rud a chiallaíonn nár aimsíodh an téarma caighdeánach féin ná aon iomaitheoir dá chuid sa chorpas. Léiríonn na torthaí ar Thábla 3 thíos a theirce atá téarmaí teicniúla ríomhaireachta sa Ghaeilge i gcoitinne mar is coincheapa measartha coitianta go leor dá bhfuil ann, .i. níor aimsíodh oiread is sampla amháin de cheachtar ‘ollbhealach (an) eolais’ ná ‘ollbhealach (na)

faisnéise' cé go mbíodh an téarma Béarla '(the) information superhighway' le feiceáil go coitianta sna meáin Bhéarla i gcaitheamh na tréimhse atá idir chamáin.

Tábla 3

Coincheapa nár aimsíodh (comhéifeacht ionphlandaithe de 0)

Téarma(i) caighdeánach(a) GA	EN	Iomaitheoir GA
aithint carachtar	character recognition	aithint téacs
aonad deisce	desktop unit	
beangán talmhúcháin	earthing prong	beangán talmhaithe
bloc cluasán	headphone block	
Buanstóras	permanent storage	stóras buan
bus uilíoch srathach	universal serial bus	
cábla sonraí monatóra	monitor data cable	
cárta físghabhála	video capture card	cárta gabhála físe
ceanglóir páipéir	paper-binding machine	
ciclipéid ilmheán	multimedia encyclopaedia	
clár frithvíreas	antivirus program	
clúdach sleamhnáin	sliding cover	cumhdach sleamhnáin
cnámha scéil insamhalta ficsin	simulated fictional scenario	cnámha scéil ionsamhlaithe ficsin
cóip charbóin	carbon copy	
críochmharcóir doiciméid	end of document marker	críochmharcóir comhaid
cumraíocht cnaipí	button configuration	
déantóir printéirí	printer manufacturer	
Dímhodhnóir	demodulator	
doiciméad gréasáin	web document	
eagarthóir gréasáin	web editor	
eolaire gréasáin	web directory	
fillteán ceanán	favourites folder	
fráma anuas	drop-down frame	
grúpa ríomhphoist	e-mail group	
hanla athraithe méide	resizing handle	
íomhá ghrafach	graphic image	íomhá ghrafaice
ionramháil téacs	text manipulation	
léasar athraonta	refraction laser	
leid ordaithe	command prompt	líne na n-orduithe
maisíocht líonta	fill effect	éifeachtaí líonta
mioncheamara sféarúil	golf-ball camera	
ollbhealach eolais	information superhighway	ollbhealach faisnéise
plocóid thalmhaithe	grounded plug	
plocóid trí bheangán	three-prong plug	
poll ard-dlúis	high density notch	

radharc leathanaigh ar líne	on-line page view	amharc leathanaigh ar líne
rialtán gile	brightness control	rialaitheoir gile
ríomhchlár diagnóiseach	diagnostic program	

Bhí comhéifeacht ionphlandaithe idir 0.02 agus 0.99 ag an 11 téarma caighdeánach (9% den iomlán) atá leagtha amach ar Thábla 4 thíos. Ciallaíonn sé seo go raibh iomaitheoir neamhchaighdeánach amháin, ar a laghad, ag na téarmaí sin. D’fhéadfadh na hiomaitheoirí sin a bheith ina dtéarmaí Gaeilge nó ina dtéarmaí Béarla, mar is léir ó Thábla 4 thíos. Is údar suntais é a laghad éagsúlachta mar seo a bhí le sonrú i gcás an tacair téarmaí a cuardaíodh agus léireodh sé nach nós le scríbhneoirí na Gaeilge téarmaí teicniúla neamhchaighdeánacha a úsáid ná téarmaí teicniúla Béarla a úsáid i dtéacsanna Gaeilge. Tá baint ag cúrsaí sochtheangeolaíochta leis an scéal seo freisin, gan amhras. Níl dóthain ríomheolaithe agus teicneoirí ag feidhmiú trí Ghaeilge chun pobal speisialtóirí a chothú a d’fhéadfadh téarmaíocht mhalartach a fhorbairt ón mbonn aníos, téarmaí *in vivo* mar a bhí ag Bhreathnach & Nic Pháidín (2008).

Ba é ‘amharc roimh phriontáil’ an téarma caighdeánach Gaeilge a fuair an scór is ísle anseo. Níor aimsíodh ach uair amháin é sa chorpas ach thángthas ar shamplaí den dá théarma chomhchiallacha eile — ‘réamhamharc cló’ agus ‘réamhamharc priontála’ — a bhfuil an lámh in uachtar acu ar an leagan caighdeánach. Is fiú a lua go bhfuil an téarma ‘réamhamharc’ (= *preview*) luaite le réimse na ríomhaireachta ar Téarma.ie. Cé is moite de ‘am freagartha’ a bheith ina leagan malartach ar ‘aga freagartha’ tá líon samplaí na n-iomaitheoirí eile íseal go maith i gcomórtas leis an líon samplaí den téarma caighdeánach a aimsíodh. Seo an sórt eolais a bheadh úsáideach do lucht pleanála téarmaíochta, An Coiste Téarmaíochta sa chás seo, agus a spreagfadh iad le cead isteach a thabhairt do leaganacha nua nó le téarmaí oifigiúla reatha a leasú.

Tábla 4

Téarmaí a raibh iomaitheoirí acu

Téarma(i) caighdeánach(a) GA	EN	Iomaitheoir	Comhéifeacht ionphlandaithe
méarchlár (661)	keyboard	eochairchlár (3)	0.99
físchomhdháil (62)	video conference	comhdháil físe (3)	0.96
painéal rialúcháin, painéal rialaithe (29)	control panel	<i>control panel</i> (2)	0.93
ríomhaire glúine (221)	laptop	<i>laptop</i> (15)	0.93
cnaipe luiche (65)	mouse button	cnaipe luchóige (5)	0.93
clómhéid (113)	font size	méid an chló (9)	0.92
airde ró (8)	row height	airde sraithe (1)	0.88
clóstíl (5)	font style	stíl an chló (1)	0.83
aga freagartha (11)	response time	am freagartha (5)	0.64
amparsan (2)	ampersand	<i>ampersand</i> (2)	0.5
amharc roimh phriontáil (1)	print preview	réamhamharc cló (1), réamhamharc priontála (41)	0.02

Gné eile atá spésiúil anseo ná an dornán samplaí a fuarthas de théarmaí Béarla in úsáid in abairtí Gaeilge. Is é an téarma *laptop* in ionad ‘ríomhaire glúine’ an ceann is suntasaí díobh seo. Bhí ‘ríomhaire glúine’ ar cheann de na téarmaí Gaeilge a léiríodh míshástacht ina leith i dtaighde Ní Ghearáin (2011), rud a spreag Fidelma Ní Ghallchobhair (2014) chun an réasúnaíocht i dtaca le ceapadh an téarma Gaeilge a mhíniú ina leabhar siúd. Baineann na cúig shampla dhéag de *laptop* a aimsíodh sa chorpas le catagóir na meán. Níor aimsíodh sampla ar bith den téarma céanna sin i dtéacsanna Gaeilge sna trí chatagóir eile (oideachas, geilleagar agus riarachán poiblí). Is minic na samplaí seo ó na meáin in úsáid i gcomhthéacs tuairimíochta nó colúnaíochta seachas in ábhar tuairisciúil, rud a léireodh go mbíonn scríbhneoirí áirithe sásta corrtéarma Béarla a úsáid nuair atá réim measartha íseal i gceist:

Dá mbeadh an t-airgead agam, cheannóinn *laptop* agus dhéanfainn mo bhealach.

Mise, im’ shuí i gcaifé éigin i Sófia na Bulgáire, agus nóta-leabhar nó *laptop* agam agus mé ag scríobh chuig mo bhlaganna, mo chairde nó mo thuistí!

Faic fós ar phár - macalla éigin leis sin, cé gur *laptop* atá ann!

Cé hiad na daoine a bhíonn i mbun anailíse, cén ról atá acu, cad a bhíonn á dhéanamh ag fear an *laptop*?

Tar éis sé seachtainí i Tokyo agus *laptop* nua faoi m'ascaill agam, airím an-chosúlacht idir an chathair seo agus ríomhaire.

Níl idirlíon ná *laptops* ag a lán páistí sa scoil.⁸

Gan dabht, bheifí ag súil le tuilleadh den sórt seo códmheasctha a fheiceáil i dtéacsanna as seánraí eile nach raibh san áireamh sa staidéar seo – na meáin shóisialta (féach Caomhánach 2022) agus comhfhreagras ríomhphoist, mar shampla.

Conclúid

Léiríonn an taighde corpais seo go bhfuil cuid mhór de na téarmaí a ndearnadh anailís orthu ionphlandaithe go maith sa chorpas. Fuair breis agus 60% díobh scór an-ard. Tugadh fíorbheagán malartaithe faoi deara, agus ba léir gurbh é an téarma caighdeánach a bhí in úsáid agus sin amháin i gcás mhórchuid na gcoincheap a raibh teacht orthu. Os a choinne sin, cé gur aimsíodh roinnt iomaitheoirí sa chorpas, ba go fíorannamh a bhí an lámh in uachtar ag aon cheann de na téarmaí neamhoifigiúla sin ar an téarma caighdeánach. Anuas ar an toradh sin, fuarthas amach gur baineadh fíorbheagán úsáide as téarmaí Béarla cé is moite den téarma *laptop*.

Ar an taobh eile den scéal, áfach, léiríonn an céatadán ard téarmaí nár aimsíodh le linn an taighde seo nach bhfuil úsáid rialta á baint as saintéarmaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide sa Ghaeilge scríofa. Is cuid den léacsacan coiteann iad na téarmaí is mó a aimsíodh agus iad in úsáid i dtéacsanna de gach saghas ach bhí tearcúsáid á baint as go leor

⁸ Rogha samplaí ó chuardach KWIC a rinneadh ar an bhfocal 'laptop' sa Chorpas Téacsanna Ríomhaireachta (Gaois, 2022)

téarmaí eile agus níor aimsíodh 32% acu in aon chor. Cé go bhfuiltear ag tabhairt ‘saintéarmaí’ ar na téarmaí seo, is téarmaí coitianta go leor iad a macasamhail sa Bhéarla agus cinn a thuigfeadh an gnáthdhuine sa teanga sin. Tuigtear freisin, áfach, go ndeachaigh cuid de na téarmaí a roghnaíodh as feidhm thar na blianta mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta a d’fhág go raibh an coincheap agus an téarma féin sáraithe.

Ceann de phríomhspríocanna an taighde seo ná a fháil amach an raibh an tacar téarmaí seo a d’fhaomh an Coiste Téarmaíochta glúin ó shin fréamhaithe sa teanga. Nochtann taighde corpasbhunaithe den chineál seo léargas staitistiúil agus cainníochtúil ar cé chomh coitianta agus atá téarmaí áirithe sa teanga. Cruthaíonn an taighde seo go bhfuil scríbhneoirí na Gaeilge ar an eolas faoin mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta agus iad sásta úsáid a bhaint as na téarmaí caighdeánacha ríomhaireachta a fhoilsítear ann.

I gcomparáid leis an taighde ceannródaíoch a rinne Ní Ghearáin (2011), a thug le fios go raibh na faisnéiseoirí idir dhá chomhairle faoin téarmaíocht oifigiúil, léiríonn an taighde corpasbhunaithe seo go bhfuil scríbhneoirí na Gaeilge i gcoitinne sásta cloí go docht le téarmaí caighdeánacha Gaeilge. Ní bhréagnaíonn sé sin conclúidí Ní Ghearáin, áfach, ach tá fianaise láidir againn anois go mbíonn cainteoirí Gaeilge sásta cloí leis an téarmaíocht chaighdeánach sa scríbhneoireacht fhoirmiúil ach iad a bheith níos amhrasaí faoi na téarmaí céanna a úsáid i réimeanna ísle scríbhneoireachta agus sa chaint.

Agus corpas téacsanna ríomhaireachta á thiomsú don taighde seo, tháinig sé chun solais nach raibh dóthain saintéacsanna ar fáil chun an corpas a struchtúrú ar bhealach a shásódh prótacal taighde Quirion (2003). Toisc nach raibh líon dóthanach téacsanna ar fáil i ngach ceann de na ceithre chatagóir a shainítear i múnla Quirion, níorbh fhéidir cothromaíocht a bhaint amach sa chorpas nuachruthaithe. D’aimsigh na taighdeoirí seift chun teacht timpeall ar an bhfadhb trí líon mór téacsanna nach téacsanna ríomhaireachta iad a áireamh ach ní raibh ansin ach réiteach garbh. Is cinnte go dtiocfadh deacrachtaí mar seo

chun cinn agus taighde téarmaiméadrachta den sórt céanna á dhéanamh i gcomhthéacs mionteangacha eile, agus creideann na húdair, dá bhrí sin, nach feiliúnach múnla Quirion trí chéile i gcomhthéacs mionteanga agus gurbh fhearr taighde den chineál seo a bhunú ar chreat níos simplithe. Tá cur chuige nua á thriail ag na taighdeoirí faoi láthair atá bunaithe ar chuardach simplí a dhéanamh ar thacair téarmaí i gcorpais ghinearálta Ghaeilge. Beifear ag súil le torthaí an taighde sin a chur i láthair amach anseo.

Buíochas

Gabhann na húdair buíochas le Foras na Gaeilge as an taighde seo a mhaoiniú agus leis na sealbhóirí cóipchirt a roinn a gcuid téacsanna go fial linn.

Tagairtí

- Bhreathnach, Ú. (2011). *A best-practice model for term planning*. [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. <https://doras.dcu.ie/16548/>
- Bhreathnach, Ú., & Nic Pháidín, C. (2008). Téarmaíocht na Gaeilge: turgnamh in vitro. *Taighde agus Teagasc*, 5, 1–31. <https://doras.dcu.ie/17615/>
- Bilgen, B. (2016). *Localization and Terminometrics: Measuring the Impact of User Involvement on Terminology*. [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. University of Ottawa. <https://ruor.uottawa.ca/items/e089c432-17a5-4c5e-9ed6-59fc87a3d545>
- Caomhánach, C. (2022). Códswitcheáil agus códmixeáil: iniúchadh ginearálta ar an gcódmheascadh Gaeilge-Béarla ar na meáin shóisialta. *Léann Teanga: An Reiviú*. 10, 7–20. <https://doi.org/10.13025/n8e9-w570>
- Costa-Carreras, J. (2020). Are terminology planning evaluation and language policy and planning evaluation applicable to the evaluation of standardisation? *Current Issues in Language Planning*, 21(1), 1–21. <https://doi.org/10.1080/14664208.2018.1553913>

- Fathi, B. (2017). *Terminology Planning Evaluation: The Case of Persian Language*. [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Universitat Pompeu Fabra.
<https://repositori.upf.edu/handle/10230/33045?locale-attribute=en>
- Foras na Gaeilge. (2024, Feabhra) *Foclóireacht & Téarmaíocht*.
<https://www.forasnagaeilge.ie/maidir-le-foras-na-gaeilge/focloireacht-tearmaiocht>
- Gaois. (2022) *Corpas Téacsanna Ríomhaireachta*. Gan foilsiú.
- Karabacak, E. (2009). Acceptance of terminology sanctioned by the Turkish Language Society. A study of the use of economic terms in Turkish newspapers. *Terminology*, 15(2), 145–178. <https://doi.org/10.1075/term.15.2.01kar>
- Maradan, M. (2020). *Uncertainty in Deliberate Lexical Interventions: Exploring Esperanto speakers' opinions through corpora*. Frank & Timme.
<https://library.oapen.org/handle/20.500.12657/43200>
- Ní Ghallchobhair, F. (2014). *Ár dTearmaí Féin*. Cois Life.
- Ní Ghearáin, H. (2011). The problematic relationship between institutionalised Irish terminology development and the Gaeltacht speech community: dynamics of acceptance and estrangement. *Language Policy*, 10, 305–323.
<https://doi.org/10.1007/s10993-011-9216-5>
- Quirion, J. (2003). Methodology for the design of a standard research protocol for measuring terminology usage. *Terminology*, 9(1), 29–49. <https://doi.org/10.1075/term.9.1.03qui>
- Quirion, J., & Lanthier, J. (2006). Intrinsic qualities favouring term implantation: Verifying the axioms. In Bowker, L. (Eag.). *Lexicography, terminology, and translation. text-based studies in honour of Ingrid Meyer*. (lgh.107–118). PUO.
- Quirion, J. (2011). Dynamique terminologique et terminométrie: Une complémentarité nécessaire pour le suivi de l'évolution de l'usage des termes et des connaissances. *Terminology*, 17(1), 113–133. <https://doi.org/10.1075/term.17.1.07qui>

Uí Bhraonáin, D. (Eag.). (2000). *1,000 Téarma Ríomhaireachta*. Ollscoil Chathair Bhaile
Átha Cliath.

Uí Bhraonáin, D. (Eag.). (2004) *Foclóir FIONTAR*. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.